C/2025/4996

9.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4996)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Miel de Granada'

PDO-ES-0243-AM02 — 11.6.2025

1. **Ainm an táirge**

'Miel de Granada'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Ard-Stiúrthóireacht um Bia – An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú formheasta faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ós rud é nach n-áirítear leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Mionleasuithe ar na paraiméadair fhisiceacha agus mheileasapailineolaíocha.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasaíodh Roinn B) 'Tuairisc ar an Táirge' den tsonraíocht táirge agus pointe 3.2 'Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)' den doiciméad aonair.

Raonta na bparaiméadar chun saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus meileasapailineolaíocha na gcineálacha meala a thomhas, lena n-áirítear an luach 'cothrom' le haghaidh na n-uasmhéideanna agus na n-íosmhéideanna a leagtar síos, leasaíodh mar a leanas iad:

'1.- Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha ginearálta is coiteann do na cineálacha uile meala tráth an phacáistithe agus an lipéadaithe:

— Cion taise: ≤ 17,5 %.

— Hiodrocsaimeitiolfúrfúral: ≤ 18 mg/kg'

'3. Saintréithe sonracha fisiciceimiceacha agus meileasapailineolaíocha:

— Mil aonbhlátha castáin (*Castanea sativa*): seoltacht (mS/cm) ≥ 0,8; dath (mmPfund) ≥ 80; cion pailine ≥ 75 % ó *Castanea sativa*.

— Mil aonbhlátha maróis (*Rosmarinus officinalis*): seoltacht (mS/cm) ≤ 0,25; dath (mmPfund) ≤ 35; cion pailine ≥ 15 % ó *Rosmarinus officinalis* nó ≥ 10 % *Rosmarinus officinalis*, agus ≥ 5 % de liopaigh eile.

— Mil aonbhlátha tíme (*Thymus sp.*): seoltacht (mS/cm) ≥ 0,3 agus < 0,8; dath (mmPfund) ≥ 55; cion pailine ≥ 15 % *Thymus sp*.

— Mil aonbhlátha an chrainn abhacád (*Persea americana*): seoltacht (mS/cm) ≤ 0,7; dath (mmPfund) ≥ 100; cion pailine ≥ 25 % ó *Persea sp.*; láithreacht ≥ 0,2 % ó pheirseiteal i gcás ina bhfuil an cion pailine ≤ 25 %.

— Mil aonbhlátha an chrainn oráistí nó an bhlátha oráiste (*Citrus sp.*): seoltacht (mS/cm) ≤ 0,3; dath (mmPfund) ≤ 30; cion pailine ≥ 15 % ó *Citrus sp*. Má tá an cion pailine idir ≥ 5,0 % agus ≤ 15 % ní mór an cion meitiolantrainioláite a bheith ≥ 1,2 mg/kg

— Mil aonbhlátha labhandair (*Lavandula stoechas*): seoltacht (mS/cm) ≤ 0,5; dath (mmPfund) ≤ 50; cion pailine ≥ 15 % ó *Lavandula stoechas*,

— Mil shléibhe: cion pailine ≥ 20 % *Castanea sp*.'

An chúis (nó na cúiseanna)

Cúis:

Ceartaíodh na hearráidí a braitheadh i raonta shaintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus meileasapailineolaíocha na gcineálacha meala chun na huasluachanna agus na híosluachanna a leagtar síos i ngach paraiméadar a áireamh.

☒ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

'Miel de Granada'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0243-AM02 — 11.6.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Miel de Granada

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód de chuid na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Mil: táirge bia a dhéanann beacha meala agus úsáid á baint as neachtar as bláthanna nó táil ó na codanna beo de phlandaí nó táil a fhaightear orthu, a dhéanann na beacha a bhailiú, a chlaochlú, a chumasc lena substaintí sonracha féin, a stóráil agus a fhágáil le haibiú i gcíora meala na coirceoige. Is féidir léi a bheith leachtach, slaodach nó criostalta.

Aicmítear mil an táisc gheografaigh faoi chosaint mar a leanas:

— mil aonbhlátha castáin (*Castanea sativa*)

— mil aonbhlátha maróis (*Rosmarinus officinalis*)

— mil aonbhlátha tíme (*Thymus sp*.)

— mil aonbhlátha an chrainn abhacád (*Persea americana*)

— mil aonbhlátha an chrainn oráistí nó an bhlátha oráiste (*Citrus sp*.)

— mil aonbhlátha labhandair (*Lavandula stoechas*)

— mil shléibhe

— mil ilbhláthanna

(1) Saintréithe fisiceimiceacha ginearálta is coiteann do na cineálacha uile meala tráth an phacáistithe agus an lipéadaithe

— Cion taise: ≤ 17,5 %.

— Hiodrocsaimeitiolfúrfúral: ≤ 18 mg/kg

(2) Saintréithe meileasapailineolaíocha is coiteann do na cineálacha meala uile

(a) Saintréith speictream pailine an ghlasra in Granada, arb éard atá ann den chuid is mó na finte seo a leanas: *Cistaceae, Lamiaceae, Fagaceae, Rosaceae, Asteraceae, Brassicaceae, Fabaceae, Borraginaceae, Salicaceae, Campanulaceae, Resedaceae, Plantaginaceae, Apiaceae, Caesalpinaceae* agus *Lauraceae*.

(3) Saintréithe sonracha fisiciceimiceacha agus meileasapailineolaíocha:

Cineál meala	Seoltacht	Dath	Cion pailine
	(× m S/cm)	(mm Pfund)	
mil aonbhlátha castáin (*Castanea sativa*)	≥ 0,8	≥ 80	≥ 75 % *Castanea sativa*
mil aonbhlátha maróis (*Rosmarinus officinalis*)	≤ 0,25	≤ 35	≥ 15 % ó *Rosmarinus officinalis nó* ≥ 10 % *Rosmarinus officinalis* agus ≥ 5 % ó liopaigh eile

Cineál meala	Seoltacht (× m S/cm)	Dath (mm Pfund)	Cion pailine
mil aonbhlátha tíme (*Thymus sp.*)	≥ 0,3 agus < 0,8	≥ 55	≥ 15 % *Thymus sp.*
mil aonbhlátha an chrainn abhacád (*Persea americana*)	≥ 0,7	≥ 100	≥ 25 % ó *Persea sp.*
			Láithreacht > 0,2 % de pheirseiteal má tá an cion pailine < 25 %
mil aonbhlátha an chrainn oráistí nó an bhlátha oráiste (*Citrus sp.*)	≤ 0,3	≤ 30	≥ 15 % *Citrus sp.*
			Má tá an cion pailine idir ≥ 5,0 % agus ≤ 15 % ní mór an cion meitiolantrainioláite a bheith ≤ 1,2 mg/kg.
mil aonbhlátha labhandair (*Lavandula stoechas*)	≤ 0,5	≤ 50	≥ 15 % ó *Lavandula stoechas*
Mil shléibhe			≥ 20 % *Castanea sp.*

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Níl feidhm ag an roinn sin.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Iad uile

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Cur i láthair agus pacáistíocht

Mil i staid leachtach (sreabhán), staid sholadach (criostalta) nó mil ag a bhfuil uigeacht uachtarúil.

A mbíonn sna coimeádáin

Coimeádáin de thoilleadh nach mó ná 5 chileagram, nach mór dóibh an reachtaíocht i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Ábhar: gloine thrédhearcach gan dath.

Ní mór nach gceilfeadh an lipéad ná an lipéad tánaisteach an méid atá laistigh sna coimeádáin.

Séala heirméiteach.

Féadfar crúscaí traidisiúnta cré a úsáid ar choinníoll gurb é 500 g nó 1 000 g an glanmheáchan atá iontu agus go bhfuil séala heirméiteach orthu.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is í an Chomhairle Rialála a fhormheasann na lipéid a mhéid a bhaineann le húsáid na hainmníochta nó an bhranda. Ní mór an tásc seo a leanas a bheith le feiceáil go soiléir ar na lipéid ar na crúscaí: 'Denominación de Origen Protegida' ('Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint'), siombail an Aontais Eorpaigh agus an t-ainmniúchán 'Miel de Granada'.

Cibé cineál coimeádáin ina seoltar na cineálacha éagsúla meala atá le tomhailt, ní mór lipéad uimhrithe nó lipéad tánaisteach, arna sholáthar ag an gComhairle Rialála, a bheith ar gach ceann acu agus ní mór iad a cheangal díobh sula seolfar iad, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos chun na críche sin agus ar bhealach nach féidir na lipéid a athúsáid.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

An limistéar ina bhfuil na coirceoga lonnaithe agus ina n-eastósctar an mhil, i.e., an limistéar táirgthe, áirítear ann na bardais uile i gcúige Granada i bPobal Féinrialaitheach na hAndalúise. Is é 12 531 km² an limistéar iomlán. Déantar an mhil a phacáistiú sa limistéar táirgthe.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

(a) *Nasc staire*

Tá an-chlú ar cháilíocht na meala ó Granada agus go leor fianaise ann maidir léi ó bhí tús an 14ú céad ann. Tá mil á táirgeadh sa réigiún sin ó thús ama. Téann an chéad phíosa fianaise faisnéisí siar go ré Ibn al-Khathib (1313-1375), a dhéanann, ina shaothar dar teideal (Spáinnise) 'Descripción del Reino de Granada', tagairt do tháirgeadh flúirseach na meala i limistéir Granada, áit a bhfuil an acmhainn thraidisiúnta sin ina mórfhoinse ioncaim acu fós. Déantar go leor tagairtí don mhil i saothair chroiniceoirí éagsúla na tréimhse sin a d'inis faoi choncas Ríocht Granada ag airm Chríostaí. Tar éis an choncais, thosaigh na bardais ag eagrú gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla. In Baza, mar shampla, mar a tugadh tuairisc air in *Libro de Propios* (doiciméad staire cuntasaíochta de chuid na Spáinne) in 1564, ghearr na húdaráis bhardasacha cánacha ar na coirceoga in Sierra de Baza agus tarraingíodh cáil ar mhil maróis, mar ba cheart. Rinne leabhar trádála Chathair Granada (1752) tagairt fhollasach don 'criador de colmena' (beachaire). In 1777, in *Diccionario Geográfico o descripción de todos los reinos* ('Foclóir geografach nó tuairisc ar na ríochtaí uile'), luaigh Juan de la Serna go raibh flúirse céarach agus meala in Granada. Anuas air sin, rinne Sebastián de Miñano (1826) tagairt do fhlúirse agus do cháilíocht shármhaith na meala ó Granada i saothar dá chuid dar teideal *Diccionario Geográfico Estadístico de España y Portugal* ('Foclóir geografach agus staidrimh na Spáinne agus na Portaingéile'). Luaigh sé Baza, Alhama de Granada, Güejar-Sierra agus Guadix, limistéir mhóra táirgthe meala i réigiún Granada. I saothar de chuid Pascual Madoz dar teideal *Diccionario Geográfico, Estadístico e Histórico de España* ('Foclóir geografach, staidrimh agus staire na Spáinne'), cuireann sé i dtábhacht cineál, flúirse agus scoth-shaintréithe na meala ó Granada. Thug sé suntas do fhlúirse na meala báine i mbardas Loja, mar shampla. Thug sé faoi deara freisin go dtáirgtí méideanna suntasacha meala ar an gcósta (in La Garnatilla agus Motril). In *Diccionario Geográfico de Andalucía: Granada* ('Foclóir Geografach na hAndalúise – Granada'), a tháinig amach sa cheathrú deiridh den 18ú céad, díríonn Tomás López aird freisin ar dhúichí éagsúla in Granada agus na *sierras* thart timpeall air, áit a bhfuil ról tábhachtach ag coirceoga agus an mhil, amhail Quéntar nó Ribera de Oveja. Rinne Luis Morell y Terry daonáireamh in 1888. Measadh go raibh thart ar 15 000 coirceog ann agus fuarthas go raibh na limistéir bheachaireachta thraidisiúnta sna sléibhte thoir, in Alpujarras agus i bpríomhchathair an chúige, Granada. Sa bhliain chéanna – 1888 – thug Bertha Wilhelmi coirceoga cíor inaistrithe isteach agus chuir sí chun cinn sa chúige iad, agus de réir a chéile d'éirigh siad níos coitianta ná na coirceoga do-aistrithe traidisiúnta (Arabacha). Ar an tslí sin, rinne sí cúige ceannródaíoch de Granada a bhí chun tosaigh i bhforbairt modhanna nua beachaireachta. I mí na Bealtaine 1909 tuairiscíodh san irisleabhar *Granada Agrícola* an spéis a léirigh margadh na Gearmáine in allmhairiú na meala ó Granada mar gheall ar an gcáilíocht a bhí aici de bharr an réimse shaibhir plandaí aramatacha agus míochaine sna limistéir shléibhtiúla, go háirithe Sierra Nevada.

(b) *Nasc nádúrtha*

Áirítear ar na tosca nádúrtha a imríonn tionchar díreach ar an táirge an tír-raon sléibhtiúil, aeráid agus glasra agus áirítear ar na tosca daonna bealaí inmheánacha buailteachais is saintréith don réigiún a bhunaigh beachairí Granada. Tá éagsúlacht leathan i gcúige Granada i dtéarmaí na rilífe agus na haeráide a dhéanann difear díreach don earnáil agus a imríonn tionchar, mar shampla, ar na cosáin intíre buailteachais arna ndéanamh ag na beachairí agus iad ag cuardach cineálacha éagsúla bláthanna. Ó thaobh na beachaireachta de, ciallaíonn an éagsúlacht sin gur féidir le beachairí Granada cosáin buailteachais a dhéanamh suas síos na malaí sléibhte sa chúige, toisc go mbláthaíonn na speicis éagsúla lena mbaineann ag tráthanna éagsúla, rud a fhágann go mbíonn toradh ann ó cheann ceann na bliana. Bíonn éagsúlacht le fáil sa chineál agus séasúr bhláthaithe ag brath ar an airde, agus bíonn na beachairí ag bogadh suas agus síos na fánaí ag cuardach na bplandaí bláthacha sin agus is annamh a chlúdaíonn siad fad is mó ná 50 km. Dá bhrí sin, bogann na beachairí ar an gcósta, in Valle de Lecrín agus in Alpujarras – Sierra Nevada in airde de ghnáth, i.e. ón gcósta go dtí na cnoic agus a mhalairt, chun fásra a chuardach, a bhíonn ag brath ar an airde. Go deimhin is é flóra an chúige an phríomhthoisc a fhágann go bhfuil a saintréithe sonracha ag Miel de Granada a idirdhealaíonn í ó mhil eile. Tá breis agus 296 000 ha de learga glanta ann atá cumhdaithe ag plandaí aramatacha a áirithíonn leibhéil rafara beachaireachta, chomh maith le limistéir mhóra crann castán, crann oráistí agus, ar an gcósta, crann abhacád, ar mórtháirgeoirí an toraidh iad limistéir chósta chúigí Granada agus Málaga. Tá naisc ag

nach mór 70 % d'úinéirí bunaíochtaí beachaireachta i gcúige Granada le limistéir faoi chosaint (páirc náisiúnta Sierra Nevada agus páirceanna náisiúnta Sierra Nevada, Sierra de Baza, Sierra de Huétor, Sierra de Castril agus Sierras de Tejeda, Alhama y Almijara), arb iad a ngnáthcheantair chónaithe iad. Fanann a mbunaíochtaí sna limistéir sin ar feadh cuid den bhliain, le haghaidh an táirgthe nó fuireach geimhridh. Mar gheall ar ghluaiseacht na mbeach a dhéanann na beachairí ar fud chúige Granada, chun na soláthairtí bláthanna is saibhre a lorg i rith na bliana, nó suíomhanna don fhuireach geimhridh a aimsiú, bíonn speictream pailine iomlán ag Miel de Granada. Tá na limistéir sin scoite amach le fada agus soláthraíonn an bheachaireacht foinse eile ioncaim talmhaíochta leis an ról eacnamaíoch tábhachtach atá aige. Ciallaíonn an éagsúlacht bláthanna atá sna páirceanna sin go dtairgeann an mil a tháirgeann siad meascáin uathúla neamhghnácha bláthanna. Tá breis agus 160 eindéimeacht in Sierra Nevada agus 60 díobh ní fhaightear in aon áit eile iad. Tá 92 fhoirm, a bhaineann le thart ar 50 fine luibheolaíocha, aitheanta ag staidéir ar an bpailin sa chúige. Is gnách go mbíonn an speictream faoina gcuimsítear na finte a leanas in Miel de Granada: *Cistaceae*, *Lamiaceae*, *Fagaceae*, *Rosaceae*, *Asteraceae*, *Brassicaceae*, *Fabaceae*, *Borraginaceae*, *Salicaceae*, *Campanulaceae*, *Resedaceae*, *Plantaginaceae*, *Apiaceae*, *Caesalpinaceae* agus *Lauraceae*. Mar gheall ar an eolas seo ar speictream pailine Miel de Granada, chomh maith leis an líon suntasach eindéimeachtaí luibheolaíocha, cuirtear ar ár gcumas dúinn táscairí geografacha a aimsiú a ligeann dúinn dealú a dhéanamh idir an mhil a tháirgimid agus an mhil a tháirgtear áiteanna eile ar Leithinis na hIbéire.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://lajunta.es/5mep7